



An Bhruiséil, 16 Samhain 2015
(OR. en)

14034/15

COPS 346
CIVCOM 201
FIN 765
CFSP/PESC 752
CSDP/PSDC 609
RELEX 910
JAI 850
COASI 171
EUPOL/AFG 19

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	16 Samhain 2015
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13784/15 COPS 338 CIVCOM 195 FIN 755 CFSP/PESC 725 CSDP/PSDC 589 RELEX 890 JAI 830 COASI 165 EUPOL/AFG 18
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Misean Póilíneachta an Aontais san Afganastáin: torthaí measctha"
	– Conclúidí ón gComhairle (an 16 Samhain 2015)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Misean Póilíneachta an Aontais san Afganastáin: torthaí measctha", a ghlac an Chomhairle ag an 3426ú cruinniú dá cuid an 16 Samhain 2015.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL SPEISIALTA
UIMH. 07/2015 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
"MISEAN PÓILÍNEACHTA AN AONTAIS SAN AFGANASTÁIN: TORTHAÍ
MEASCTHA"

1. Is díol sásaimh don Chomhairle í an Tuarascáil Speisialta: "Misean póilíneachta an Aontais san Afganastáin: torthaí measctha" ó Chúirt Iniúchóirí Na hEorpa arna foilsiú an 8 Iúil 2015. Rinne an Chúirt, agus iniúchóireacht á déanamh aici den chéad uair ina haonar ar mhisean sibhialta CBSC an Aontais, measúnú an amhlaidh ar chuir misean póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin) a shainordú i gcrích go héifeachtach, agus ba iniúchóireacht ar an tréimhse ó seoladh EUPOL Afganastáin in 2007 go dtí deireadh na bliana 2014 é, ina ndírítear go háirithe ar a chuid gníomhaíochtaí tar éis 2012. Tugtar dá haire rannpháirtíocht chuiditheach SEGS agus an Choimisiún Eorpaigh i rith an phróisis agus is díol sásaimh í an rannpháirtíocht sin.
2. Aithníonn an Chúirt go ndearnadh EUPOL Afganastáin a sheoladh agus a chur chun feidhme i gcúinsí ina raibh dúshláin uathúla i gcomhthéacs mhisean sibhialtach de chuid CBSC, agus gur chuir sé feabhas ar chur chun feidhme a shainordaithe de réir a chéile agus go bhfuair sé aitheantas óna chontrapháirtithe san Afganastáin agus ó ghníomhaithe idirnáisiúnta eile maidir lena saineolas agus maidir lena rannchuidiú leis an athchóiriú atá ar bun ar earnáil na póilíneachta sibhialtaí agus ar na naisc atá aige le córas an cheartais choiriúil agus aontaíonn an Chomhairle leis an gCúirt maidir leis an méid sin. Tugann an Chomhairle dul chun cinn inbhraite dá haire i gcur chun feidhme shainordú an Mhisin de réir a thrí Líne Oibríochta (athchóiriú institiúideach ar an Aireacht Gnóthaí Baile, gairmiúlú Phóilíní Náisiúnta na hAfganastáine agus nasc leis an mórchóras dlí.
3. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle na moltaí ón gCúirt maidir le pleanáil, le himscaradh agus le hiompraíocht EUPOL Afganastáin agus mhisin sibhialtacha CBSC i gcoitinne. Aithníonn an Chomhairle freisin go mbaineann roinnt barúlacha agus moltaí le ceistanna a bhaineann go sonrach le céimeanna luaithe EUPOL Afganastáin; tugadh aghaidh ar roinnt moltaí breise cheana, go háirithe maidir le feabhas a chur ar chumas an mhisin sa pleanáil, sa tagarmharcáil, sa tuairisciú, san fhaireachán ar an dul chun cinn agus sa bhainistiú tionscadal.

4. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin chun inbhuanaitheacht thorthaí an mhisin a áirithiú, agus SEGS agus an Misean a bheith ag obair go dlúth le seirbhísí ábhartha de chuid SEGS agus de chuid an Choimisiúin, le gníomhaithe idirnáisiúnta eile a bhfuil baint acu le hAthchóiriú Earnáil Slándála na hAfganastáine, mar aon le húdaráis na hAfganastáine chun gníomhaithe eile a choimirciú agus chun a chur ar a gcumas cur lena bhfuil bainte amach ag an Misean, nuair is gá. Sa chaoi sin, cuireann an Chomhairle béim láidir ar a thábhachtaí atá an úinéireacht áitiúil cé go meabhraíonn sí go bhfuil an tAontas meáite i gcónaí, i gcomhréir le straitéis an Aontais 2014-2016 maidir leis an Afganastáin, ar chuidiú le gairmiúlú na póilíneachta sibhialtaí, lena n-áirítear an tacaíocht do phóilíní ban, i ndlúthchomhar le húdaráis na hAfganastáine agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
5. Maidir le tuilleadh feabhais a chur ar an éifeachtacht a bhaineann le gach cineál gníomhaíochta de mhisin shibhialtacha de chuid CBSC (e.g. oiliúint, faireachán/meantóireacht/comhairleoireacht, tionscadail), tugann an Chomhairle dá haire gur gá meascán oiriúnach de chineálacha gníomhaíochtaí a chur san áireamh go cúramach agus an sainordú a bheidh ag misean sibhialtach de chuid CBSC á cheapadh nó á athbhreithniú, agus aird á tabhairt ar an timpeallacht sonrachoibríochtúil, ar riachtanais an Stáit Óstaigh agus ar stát deiridh an mhisin. Tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá sé go dtugtar treoir mhionsonraithe do mhisin shibhialtacha de chuid CBSC d'fhonn freastal ar riachtanais shonracha oibríochtúla agus is díol sásaimh di an obair leanúnach atáthar a dhéanamh.
6. Maidir le feabhas a chur ar an obair ullmhúcháin agus ar ghnéithe lóistíochta, is díol sásaimh don Chomhairle freisin na moltaí ón gCúirt maidir le feabhas a chur ar fheidhmeanna tacaíochta agus pleanáil á déanamh ar mhisin shibhialtacha de chuid CBSC a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear straitéis fhoriomlán a ullmhú chun na rioscaí a bhaineann le méid na misean a laghdú agus le clabhsúr a chur orthu agus le sócmhainní na misean a dhiúscairt.
7. Tugann an Chomhairle dá haire an obair atá á déanamh ag SEGS faoi láthair chun treoirlínte cuimsitheacha a fhorbairt tuilleadh maidir le cúraimí oibríochtúla agus treoirlínte oibríochtúla i réimsí maidir le tacaíocht misean, arb ann dóibh go páirteach cheana, agus an leas is fearr á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na roimhe seo.
8. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle freisin an obair leanúnach atá á déanamh ag seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin agus de chuid SEGS maidir le Clár Tacaíochta Misean, agus é mar aidhm feabhas a chur ar an éifeachtúlacht oibríochtúil agus airgeadais agus ar shineirgí ag ceanncheathrú na Bruiséile agus ar an láthair trí thacaíocht do phríomhfheidhmeanna cumasúcháin a fheabhsú, lena n-áirítear trealamh a imscaradh go gasta.

9. Maidir le hacmhainní daonna agus le dóthain foirne lenar féidir misin CBSC a oibriú, tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag SEGS, i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin, de réir mar is iomchuí agus i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, féachaint ar bhealaí lena n-éascófar níos mó solúbthachta sa phróiseas earcaíochta agus lena n-áiríteofar leanúnachas.
10. Agus í ag breathnú chun cinn, molann an Chomhairle do sheirbhísí ábhartha SEGS, do sheirbhísí ábhartha an Choimisiúin agus do na Ballstáit comhar agus comhordú rathúil a fheabhsú tuilleadh maidir le misin shibhialtacha SEGS a bhunú agus a stiúradh. Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCúirt as an obair fhónta a dhéanann sí agus iarrann sí ar SEGS agus ar an gCoimisiún moltaí na Cúirte a chur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí.
-